

Eleathanach217

Dé Luain 23 Samhain 2015

Sacar

Dé Luain seo caite bhí cluiche mór tábhachtach ag foireann idirnáisiúnta na hÉireann. Bhí siad ag imirt i gcoinne foirne ón mBoisnia-Heirseagaivéin i mBaile Átha Cliath.

D'imir an dá fhoireann cúpla oíche roimhe sin freisin sa Bhosnia. Chríochnaigh an cluiche sin ar comhscór (1-1). Ach an uair seo bhuaigh Éire leis an scór 2-0.

Fuair Jon Walters an dá chúl i mBaile Átha Cliath.

Tá áit acu anois i gcluichí Chraobhchomórtas na hEorpa 2016. Beidh an comórtas ar siúl sa Fhrainc. Beidh foireann Thuaisceart Éireann ann freisin. Beidh a fhios againn ar an 12 Nollaig cé a bheidh ag imirt inár gcoinne. Beidh tarraingt ann an lá sin i bPáras chun sé ghrúpa a dhéanamh. 26 tír ar fad a bheidh páirteach.



Scóráil Jon Walters 2 chúl! 😊



Seo é an grúpa 4th Impact ón gclár X Factor!

X Factor

Bhí an seó beo ar siúl Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. An téama a bhí ann ná 'Grá' agus 'Briseadh Croí'. Chan Ed Sheeran agus Rudimental ar an seó! Bhí siad ar fheabhas!

D'fhág Mason Noise an clár Dé Sathairn agus d'fhág Anthon Stephans an clár Dé Domhnaigh. Chan Olly Murs agus Nathan Sykes ar an gclár freisin! Is maith leis an Eleathanach 4th Impact! Go n-éirí libh a chailíní!

Cumann Lúthchleas Gael

Dé Sathairn bhí dhá cluiche idirnáisiúnta eile ar siúl i mBaile Átha Cliath. Bhí na cluichí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Bhí cluiche ag na himreoirí is fearr iománaíochta ó Éirinn i gcoinne na n-imreoirí is fearr camánachta ó Albain.

Tá an iománaíocht agus an chamánacht gaolta lena chéile. Camánacht, nó *shinty* na hainmneacha atá ar an spórt sin in Albain. Bhuaigh na hÉireannaigh leis an scór 2-10 v 2-08.

Ina dhiaidh sin bhí cluiche den pheil chomhrialacha ann. Sa chluiche seo imríonn na himreoirí is fearr a imríonn an pheil Ghaelach i gcoinne na n-imreoirí is fearr a imríonn an pheil Astrálach.

Thosaigh na hÉireannaigh go fíormhaith, ach ansin lig siad do na hAstrálaigh teacht ar ais - beagnach! Bhí sé an-chorraitheach. Bhuaigh Éire leis an scór 56-52. Bhí beagnach 40,000 duine i láthair.



Seo é an camán a úsáideann na himreoirí don chamánacht!



European Language Label



NUI MAYNOOTH

ROINN FROEBEL DON BHUN- AGUS LUATH- OIDEACHAS OÉMN, OLLSCOIL NA HÉIREANN, I GCOMHPHÁIRT LEIS AN IDIRBHLIAIN, COLÁISTE ALEXANDRA, BÁC 6.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolalochta

